

# Eleathanach291

Dé Luain 16 Aibreán 2018

## Tá an Ghaeilge Beo Bríomhar

Gach lá bíonn os cionn céad teanga le cloisteáil ar shráideanna Bhaile Átha Cliath. Ach Dé Sathairn bhí Gaeilgeoirí ar fud na cathrach.

Tháinig na mílte duine le chéile le ceiliúradh a dhéanamh ar ár dteanga náisiúnta. Bhí daoine sa slua as tíortha eile ar nós Cheanada ag labhairt as Gaeilge.

Bhí daoine fásta ann cinnte, ach bhí i bhfad níos mó daoine óga ann. Bhí siad ann ó bhunscoileanna, mheánscoileanna agus ó ollscoileanna na hÉireann agus iad ag canadh agus ag glaoch amach as Gaeilge.

Shiúil siad ó Chearnóg Pharnell go Cearnóg Mhuirfean. Bhí ardán ann ansin do ghrúpaí móra ar nós Kíla agus Delorentos a bhí ag canadh as Gaeilge.

Ach ba é Uachtarán na hÉireann, Michael D Ó hUiginn, a fuair an bualadh bos is mó. Labhair seisean faoi áilleacht ár dteanga agus faoi na daoine tábhachtacha a tháinig le chéile 125 ó shin chun cabhrú leis an teanga. An t-am sin bhí an teanga an-lag. Ach a bhuíoch de na daoine iontacha sin tá an teanga beo láidir inniu.

  
**TÓG GO  
BOG É**  
AGUS  
**LABHAIR  
AS GAEILGE**

## Tá an tAerfort is Áille ar Domhan in Éirinn

Chualamar an tseachtain seo caite go bhfuil Aerfort Dhún na nGall ar an aerfort is áille ar domhan! Ar dtús chuir lucht gnó agus turasóireachta gearrliosta le chéile. Ansin chaith an pobal a vótaí agus bhí an bua ag Aerfort Dhún na nGall.

Anuraidh tháinig sé sa dara háit sa toghchán céanna. Tháinig aerfort in Albain sa dara háit i mbliana agus Aerfort Nice sa Fhrainc sa tríú háit.

Tá Aerfort Dhún na nGall suite sa Ghaeltacht. Ar an idirlíon is féidir leat físeán a fheiceáil d'eitleán ag tuirlingt ann. Tá an rúidbhealach suite idir dhá thrá, i gceantar an-álainn ar fad.

## Coachella

Tá Coachella ar siúl san fhásach in California. Is ceolchoirm mhór í seo. Tá Coachella ar siúl ón Aoine 13 Aibreán go dtí an 22 Aibreán 2018.

Bhí Beyonce ag canadh thar an deireadh seachtaine agus bhí sí thar cionn. Chan sí in éineacht lena fear céile JayZ, le Destiny's Child agus lena deirfiúr Solange.

Téann go leor daoine cáiliúla chuig an gceolchoirm seo. Bhí Justin Bieber, Kylie Jenner agus Brooklyn Beckham i láthair ag an gceolchoirm.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath- Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad, OÉMN, i gcompháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

